



2023/2449

7.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2449 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Samhain 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le teimpléid le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí, tuarascálacha páirteacha astaíochtaí, doiciméid comhlíontachta, agus tuarascálacha ar leibhéal cuideachta, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuirompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(5), Airteagal 12(2) agus Airteagal 17(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927⁽²⁾ ón gCoimisiún, déantar foráil maidir le teimpléid agus rialacha teicniúla chun pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí agus doiciméid comhlíontachta a chur isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/757.
- (2) Rialachán (AE) 2023/957⁽³⁾ lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muirompair a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin (CH₄) agus ocsaíde nítriúla (N₂O) agus astaíochtaí ó chineálacha breise long. Tugadh isteach leis freisin oibleagáid ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal cuideachta ('tuarascálacha ar leibhéal cuideachta'). Thairis sin, tugadh isteach leis oibleagáid ar an gCoimisiún na rialacha teicniúla a leagan síos maidir le tíolacadh uathoibríoch na dteimpléad chun pleananna faireacháin a chur isteach.
- (3) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927 a leasú chun na hathruithe sin a léiriú. De bharr mhéid na n-athruithe is gá a dhéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927, ceanglaítear an téacs a fhoilsiú ina iomláine. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.
- (4) Ba cheart na heilimintí a leagtar síos in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2015/757 ar a laghad a bheith sa phlean faireacháin. Gan dochar d'Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2015/757, agus i gcomhréir leis an mír dheireanach d'Airteagal 10 den Rialachán sin, leis an bplean faireacháin, ba cheart a cheadú faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ídiú breosla agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa arna n-astú ar bhonn critéir dheonacha eile.
- (5) Agus faisnéis faoi eilimintí agus nósanna imeachta á soláthar mar chuid den phlean faireacháin de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann tagairt a dhéanamh freisin do nósanna imeachta nó do chórais a chuirtear chun feidhme go héifeachtach mar chuid dá gcórais bhainistíochta atá ann cheana, amhail an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (Cód ISM)⁽⁴⁾, an Plean Bainistíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar bord Loinge (SEEMP)⁽⁵⁾, nó do chórais agus rialuithe a chumhdaítear le caighdeáin chomhchuíbhithe maidir le bainistiú cáilíochta, comhshaoil nó fuinnimh, amhail EN ISO 9001:2015, EN ISO 14001:2015 nó EN ISO 50001:2011. I gcásanna den sórt sin nó i gcás ina dtugtar tuairisc cheana féin, de bhun na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757, ar na nósanna imeachta ábhartha i nósanna imeachta arna mbunú i scríbhinn, ba cheart é a bheith ceadaithe tuairisc ghairid nó achoimre ar na nósanna imeachta sin a chur san áireamh sna pleananna faireacháin.

⁽¹⁾ IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927 an 4 Samhain 2016 ón gCoimisiún maidir le teimpléid le haghaidh pleananna faireacháin, tuarascálacha astaíochtaí agus doiciméid comhlíontachta de bhun Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuirompar (IO L 299, 5.11.2016, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muirompair a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long (IO L 130, 16.5.2023, lch. 105).

⁽⁴⁾ Arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) le Rún A.741(18) ón gComhthionól.

⁽⁵⁾ Rialachán 22 Marpol Iarscríbhinn VI.

- (6) Chun an faireachán a dhéanamh níos éasca, is iomchuí úsáid luachanna réamhshocraithe a cheadú le haghaidh an leibhéil éiginnteachta a ghabhann le faireachán ar bhreosla, agus na treoirlínte a d'fhorbair an Coimisiún á gcur san áireamh.
- (7) Is gá sonraíochtaí a leagan síos maidir le teimpléid leictreonacha le haghaidh tuarascálacha astaíochtaí. Tá gá leis an méid sin chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha astaíochtaí fíoraithe a thíolacadh go leictreonach agus go mbeidh faisnéis bhliantúil chomhiomlánaithe iontu, faisnéis a bheidh caighdeánaithe agus iomlán.
- (8) Leis an tuarascáil astaíochtaí, ba cheart an bunábhar a chumhdach mar a leagtar síos in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2015/757, lena n-áirítear torthaí an fhaireacháin bhliantúil. Ba cheart a cheadú léi freisin faisnéis bhreise a thuairisciú a fhéadfaidh cuidiú le tuiscint a fháil ar na meántáscairí oibríochtúla éifeachtúlachta fuinnimh a thuairiscítear ar bhonn deonach.
- (9) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2015/757, i gcás ina dtagann athrú ar chuideachta i leith loinge, tá tuarascáil ar leibhéal loinge le tíolacadh ag an gcuideachta a bhí ann roimhe sin ina gcumhdaítear na heilimintí céanna leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin ach í teoranta don tréimhse a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi fhreagracht na cuideachta a bhí ann roimhe sin ('tuarascálacha páirteacha astaíochtaí'). Na sonraíochtaí maidir le teimpléad leictreonach le haghaidh tuarascálacha astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2015/757, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le tuarascálacha páirteacha astaíochtaí.
- (10) Na rialacha lena mbunaítear teimpléad leictreonach le haghaidh doiciméid comhlíontachta, ba cheart iad a leasú d'fhonn iad a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach ar shonraí faisnéise agus ar shonraí sainaitheanta long na cuideachta sna teimpléid le haghaidh na bpleananna faireacháin.
- (11) De bhun Airteagal 11a(2) de Rialachán (AE) 2015/757, ó 2025 ar aghaidh, ní mór do chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta ('tuarascálacha ar leibhéal cuideachta') a chur faoi bhráid a n-údaráis riaracháin ag a bhfuil freagracht. Chun a áirithiú go bhfuil faisnéis chaighdeánaithe sna tuarascálacha sin lena féidir oibleagáidí tuairiscithe a chur chun feidhme go comhchuibhithe ar leibhéal cuideachta, is gá sonraíochtaí a leagan síos maidir le teimpléad leictreonach le haghaidh tuarascálacha den sórt sin.
- (12) Leis na tuarascálacha ar leibhéal cuideachta, ba cheart an t-ábhar a leagtar síos in Airteagal 11d de Rialachán (AE) 2015/757 ar a laghad a chumhdach. Ba cheart a chumhdach leo freisin eilimintí a cheanglaítear chun astaíochtaí fíoraithe a thíolacadh chuig Clárann an Aontais de bhun Airteagal 31 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (13) Áireofar astaíochtaí gás ceaptha teasa muiriompair in EU CTS ón tréimhse tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, agus áireofar astaíochtaí meatáin agus ocsaíde nítriúla i raon feidhme Rialachán (AE) 2015/757 ón tréimhse tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Teimpléad leictreonach an phlean faireacháin

1. Chun an plean faireacháin a thíolacadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/757, úsáidfidh cuideachtaí an leagan leictreonach den teimpléad atá ar fáil i gcóras faisnéise uathoibrithe an Aontais, THETIS-MRV, arna oibriú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ('Thetis MRV').
2. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I sa leagan leictreonach den teimpléad don phlean faireacháin dá dtagraítear i mír 1.

⁽⁶⁾ Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3).

*Airteagal 2***Teimpléad leictreonach don tuarascáil astaíochtaí agus don tuarascáil pháirteach astaíochtaí**

1. Chun an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2015/757 ('an tuarascáil astaíochtaí') agus an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Rialachán sin (an 'tuarascáil pháirteach astaíochtaí') a thíolacadh, úsáidfidh cuideachtaí an leagan leictreonach den teimpléad atá ar fáil in Thetis MRV.
2. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II sa leagan leictreonach den teimpléad don tuarascáil astaíochtaí agus don tuarascáil pháirteach astaíochtaí.

*Airteagal 3***Teimpléad leictreonach an doiciméid comhlíontachta**

1. Chun doiciméad comhlíontachta a eisiúint de bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2015/757, soláthróidh an fóraitheoir sonraí ábhartha trí úsáid a bhaint as an leagan leictreonach den teimpléad atá ar fáil in Thetis MRV.
2. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III sa leagan leictreonach de theimpléad an doiciméid comhlíontachta dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4***Teimpléad leictreonach na tuarascála ar leibhéal cuideachta**

1. Chun na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta a thíolacadh de bhun Airteagal 11a(2) de Rialachán (AE) 2015/757 (an 'tuarascáil ar leibhéal cuideachta'), úsáidfidh cuideachtaí an leagan leictreonach den teimpléad atá ar fáil in Thetis MRV.
2. Beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV sa leagan leictreonach de theimpléad na tuarascála ar leibhéal cuideachta.

*Airteagal 5***Aisghairm**

1. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1927 le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.
2. Déanfar tagairtí do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1927 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 6***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Teimpléad le haghaidh pleananna faireacháin

CUID A

BILEOG TAIFID d'ATHBHREITHNITHE

Uimh. Leagain	Dáta tagartha	Stádas ar an dáta tagartha ⁽¹⁾	Tagairt do chodanna ina ndearnadh athbhreithnithe nó modhnuithe, lena n-áirítear míniú gearr ar na hathruithe

(¹) Stádas atá le sannadh ag an gcóras TF, mar seo a leanas: 'Dréacht oibre', 'Faoi athbhreithniú', 'Dréacht deiridh curtha faoi bhráid an fhíoraitheora', 'Measúnaithe ag an bhfíoraitheoir', 'Modhnaithe gan gá le hathmheasúnú', 'Curtha faoi bhráid an údaráis riaracháin atá freagrach as formheas', 'Formheasta'.

CUID B

SONRAÍ BUNÚSACHA

Tábla B.1

Sainithint na loinge agus sonraí an longúinéara

Ainm na loinge	
Uimhir aitheantais loinge IMO	
Calafort cláraithe	
Calafort baile (murab ionann é agus an calafort cláraithe)	
Ainm an longúinéara ⁽¹⁾	
Uimhir chánach úinéir an longúinéara (deonach)	
Duine teagmhála an longúinéara (deonach)	
Seoladh gnó (deonach)	
Cathair (deonach)	
Stát/Cúige/Réigiún (deonach)	
Uimhir theileafóin ghnó (deonach)	
Seoladh gnó (deonach)	
Uimhir aitheantais uathúil cuideachta agus úinéara chláraithe IMO ⁽²⁾ an úinéara chláraithe	
Tír chlárúcháin an úinéara chláraithe ⁽³⁾	
Cineál na loinge ⁽⁴⁾	
Meálata (i dtónaí méadracha)	
Olltonnáiste	
Cumann Aicmiúcháin (deonach)	
Aicme oighir ⁽⁵⁾	
Bratstát (deonach)	

Éifeachtúlacht Theicniúil (deonach) ⁽⁶⁾	
Réimse tuairisce oscailte deonach le haghaidh faisnéis bhreise faoi shaintréithe na loinge ⁽⁷⁾	

⁽¹⁾ Mar a taifeadh faoin Scéim um Uimhir Aitheantais Uathúil Cuideachta agus Úinéara Chláraithe IMO.

⁽²⁾ Is é an tÚinéir Cláraithe an t-úinéir a shonraítear ar dheimhniú cláraithe na loinge.

⁽³⁾ Mar a taifeadh faoin Scéim um Uimhir Aitheantais Uathúil Cuideachta agus Úinéara Chláraithe IMO.

⁽⁴⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Long paisinéirí', 'Long róró', 'Long coimeádán', 'Tancaer ola', 'Tancaer ceimiceán', 'Iompróir GNL', 'Iompróir gáis', 'Bulc-iompróir', 'Long lastais ghinearálta', 'Long lastais cuisniúcháin', 'Iompróir feithicle', 'Iompróir il-lastais', 'Long Ro-Pax', 'Long coimeádán/Lastlong róró', 'Cineálacha loinge eile'. Faoin gcatagóir 'Long paisinéirí', tá an fochineál 'Long chúrsála' san áireamh lena roghnú, más infheidhme. Faoin gcatagóir 'Cineálacha loinge eile', tá an fochineál 'Long amach ón gcósta' san áireamh lena roghnú, más infheidhme.

⁽⁵⁾ Éigeantach chun leas a bhaint as an maolú maidir le longa den aicme oighir faoi Airteagal 12(3-e) de Threoir 2003/87/CE. Roghnaigh ceann de na hAicmí Polacha PC1 — PC7 nó ceann de na hAicmí Oighir Fionlannacha-Sualannacha (IC, IB, IA nó IA Super). Chun a fháil amach cén chaoi a gcomhfhreagraíonn aicmí oighir dá chéile, úsáidfear Moladh 25/7 HELCOM.

⁽⁶⁾ Ba cheart longa an tInnéacs Éifeachtúlachta Teicniúla EEDI nó EEXI a thuairisciú, agus murab ann dó sin, féadfar EIV a thuairisciú.

⁽⁷⁾ Is féidir duine teagmhála breise a chur isteach anseo.

Tábla B.2

Faisnéis faoin gcuideachta

Ainm na cuideachta	
Cineál na cuideachta ⁽¹⁾	
Uimhir aitheantais uathúil cuideachta agus úinéara chláraithe IMO ⁽²⁾	
Tír chláirúcháin na cuideachta ⁽³⁾	
Uimhir chánach na cuideachta (deonach)	
Teagmhálaí	
Seoladh gnó	
Cathair	
Stát/Cúige/Réigiún	
Cód poist/ZIP	
Uimhir theileafóin ghnó (deonach)	
Seoladh ríomhphoist gnó (deonach)	
Tír	

⁽¹⁾ Roghchlár anuas: Long a thagann faoi raon feidhme Chód ISM [Is ea/Ní hea]. I gcás ina roghnaíonn tú 'Is ea', roghnaigh ceann amháin de na catagóirí seo a leanas: 'Longúinéir', 'Cuideachta ISM gan baint aici leis an longúinéir'. I gcás ina roghnaíonn tú 'Ní hea', tá feidhm ag 'Longúinéir'.

⁽²⁾ Uimhir aitheantais mar a taifeadh faoin Scéim um Uimhir Aitheantais Uathúil Cuideachta agus Úinéara Chláraithe IMO.

⁽³⁾ Beidh an tír chláirúcháin comhionann leis an tír chláirúcháin mar a taifeadh faoin Scéim um Uimhir Aitheantais Uathúil Cuideachta agus Úinéara Chláraithe IMO.

Tábla B.3

Foinsí astaíochtaí agus cineálacha breosla a úsáidtear

Uimhir thagartha na foinsé astaíochtaí	Ainm na foinsé astaíochtaí	Cineál na foinsé astaíochtaí ⁽¹⁾	Aicme na foinsé astaíochtaí ⁽²⁾	Tuairisc theicniúil ar an bhfoinsé astaíochtaí (feidhmíocht/cumhacht, ídiú ola breosla shonraigh (SFOC), bliain suiteála, uimhir aitheantais i gcás ilfhoinsí astaíochtaí comhionanna, etc ⁽³⁾)	Cineál/cineálacha (féideartha) breosla a úsáidtear ⁽⁴⁾

⁽¹⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Príomhinnill', 'Innill chúnta', 'Gástuirbín', 'Coirí', 'Gineadóirí támhgháis', 'Cealla breosla', 'Loisceoirí dramhaíola', 'Eile'.

⁽²⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: Inneall dócháin inmheánaigh (ICE) (eile), GNL ar thimthriall Otto (inneall débheosla meánluais), GNL ar thimthriall Otto (inneall débheosla íseal-luais), GNL ar thimthriall Díosail (inneall débheosla íseal-luais), inneall ísealdó spréachadhainté (LBSI), Gástuirbín, Coirí, Cealla Breosla, Loisceoirí Dramhaíola, Gineadóirí Támhgháis.

⁽³⁾ D'fhéadfadh an uimhir aitheantais a bheith san áireamh i gcás ilfhoinsí astaíochtaí comhionanna.

⁽⁴⁾ Roghnaigh ceann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: 'Ola bhreosla throm (HFO)', 'Ola bhreosla éadrom (LFO)', 'Ola dhíosail/Gás-ola (MDO/MGO)', 'Gás nádúrtha leachtaithe (GNL)', 'Gás peitriiliam leachtaithe (Bútán, GPL)', 'Gás peitriiliam lechtaithe (Própán, GPL)', 'H₂ (Breosla iontaise)', 'NH₃ (Breosla iontaise)', 'Meatánól (Breosla iontaise)', 'Eatánól', 'Bithdhíosail', 'Ola phlandúil hidreachóireáilte (HVO)', 'Bithmheatán lechtaithe mar bhreosla iompair (Bith-GNL)', 'Bithmheatánól', 'Bithbhreosla eile', 'Bio-H₂', 'leictridhíosail', 'leictrimheatánól', 'leictri-GNL', 'leictri-H₂', 'leictri-NH₃', 'leictri-GPL', 'leictri-DME', 'Breosla in-athnuaithe eile'.

Tábla B.4

Fachtóirí astaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

Cineál breosla ⁽¹⁾	Fachtóirí astaíochta ⁽²⁾ maidir le dé-ocsaíd charbóin (i ngramaí CO ₂ /gram breosla) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757	Fachtóirí astaíochta ⁽³⁾ maidir le meatán (i ngramaí CH ₄ /gram breosla) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757	Fachtóirí astaíochta ⁽⁴⁾ maidir le hocsaíd nítriúil (i ngramaí N ₂ O/gram breosla) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

⁽¹⁾ Roghnaigh ceann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: 'Ola bhreosla throm (HFO)', 'Ola bhreosla éadrom (LFO)', 'Ola dhíosail/Gás-ola (MDO/MGO)', 'Gás nádúrtha lechtaithe (GNL)', 'Gás peitriiliam lechtaithe (Bútán, GPL)', 'Gás peitriiliam lechtaithe (Própán, GPL)', 'H₂ (Breosla iontaise)', 'NH₃ (Breosla iontaise)', 'Meatánól (Breosla iontaise)', 'Eatánól', 'Bithdhíosail', 'Ola phlandúil hidreachóireáilte (HVO)', 'Bithmheatán lechtaithe mar bhreosla iompair (Bith-GNL)', 'Bithmheatánól', 'Bithbhreosla eile', 'Bio-H₂', 'leictridhíosail', 'leictrimheatánól', 'leictri-GNL', 'leictri-H₂', 'leictri-NH₃', 'leictri-GPL', 'leictri-DME', 'Breosla in-athnuaithe eile'.

⁽²⁾ Deimhnigh go bhfuil fachtóirí astaíochta réamhshocraithe á n-úsáid nó cuir isteach fachtóirí astaíochta iarbhír. I gcás breoslaí iontaise, ní féidir ach an fachtóirí astaíochta réamhshocraithe le haghaidh CO₂ a úsáid.

⁽³⁾ Deimhnigh go bhfuil fachtóirí astaíochta réamhshocraithe á n-úsáid nó cuir isteach fachtóirí astaíochta iarbhír. I gcás breoslaí GNL (GNL iontaise, bith-GNL, leictri-GNL), is é nialas a bheidh san fhachtóirí astaíochta le haghaidh CH₄.

⁽⁴⁾ Deimhnigh go bhfuil fachtóirí astaíochta réamhshocraithe á n-úsáid nó cuir isteach fachtóirí astaíochta iarbhír.

Tábla B.5

Comhéifeacht sceite dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

Uimhir thagartha na foinsé astaíochtaí ⁽¹⁾	Comhéifeacht sceite (mar % de mhais an bhreosla atá á úsáid ag an bhfoinsé astaíochtaí shonrach) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

⁽¹⁾ Mar a thuairiscítear faoi Thábla B.3

Tábla B.6

Cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin dá dtagraítear i gCuid C, pointe 1.4, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

Tuairisc ar an teicneolaíocht atá in úsáid	Fianaise thacaíochta maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 12(3a) nó in Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE	An fhoinse astaíochtaí a gcuirtear gabháil agus stóráil agus/nó gabháil agus úsáid carbóin i bhfeidhm ina leith

Tábla B.7

Nósanna imeachta, córais agus freagrachtaí a úsáidtear chun iomláine na bhfoinsí astaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta

Teideal an nós imeachta	Iomláine liosta na bhfoinsí astaíochtaí a bhainistiú
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Tábla B.8

Nósanna imeachta, córais agus freagrachtaí a úsáidtear chun fachtóirí astaíochta a chinneadh agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757

Teideal an nós imeachta	Fachtóirí astaíochta a chinneadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin) ⁽¹⁾	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

⁽¹⁾ I gcás inarb infheidhme, ní mór a shainiú, leis an tuairisc ar an nós imeachta, an chaoi a ndíorthaítear fachtóirí astaíochta iarbhrí a liostaítear faoi Thábla B.4 agus Tábla B.5 lena bhformheas, lena n-áirítear an modh lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha agus na srianta maidir le himeacht ó na luachanna réamhshocraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757.

Tábla B.9

An nós imeachta a úsáidtear chun fachtóir astaíochta CO₂ na mbithbhreoslaí agus na RFNBOnna/RCFanna dá dtagraítear i gCuid C, pointe 1.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757 a chinneadh

Teideal an nós imeachta	Fachtóirí astaíochta a chinneadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin) ⁽¹⁾	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

⁽¹⁾ I gcás inarb infheidhme, ní mór a shainaithint, leis an tuairisc ar an nós imeachta, an chaoi a ndíorthaítear fachtóirí astaíochta CO₂ lena bhformheas, lena n-áirítear an modh lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos faoi Chuid C, pointe 1.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757.

CUID C

SONRAÍ GNÍOMHAÍOCHTA

Tábla C.1

Coinníollacha díolúine a bhaineann le hAirteagal 9 (2) de Rialachán (AE) 2015/757

Ítim	Réimse deimhnithe
Líon íosta na muiristear ionchasach in aghaidh na tréimhse tuairiscithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/757 de réir sceideal na loinge	
An bhfuil muiristear ionchasacha ann in aghaidh na tréimhse tuairiscithe nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2015/757 de réir sceideal na loinge? ⁽¹⁾	
An gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2015/757? ⁽²⁾	
Má chomhlíontar, an bhfuil sé i gceist agat úsáid a bhaint as an maolú chun faireachán a dhéanamh ar an méid breosla a ídítear in aghaidh an mhuiristear? ⁽³⁾ Tabhair do d'aire go bhféadfadh sé go gceanglófaí faireachán ar fhaisnéis áirithe in aghaidh an mhuiristear faoi Chuid C, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/757 chun gur féidir leas a bhaint as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 12(3-d) go 12(3-b) de Threoir 2003/87/CE.	

⁽¹⁾ Roghnaigh 'Is ea' nó 'Ní hea'.

⁽²⁾ Roghnaigh 'Is ea' nó 'Ní hea'.

⁽³⁾ Roghnaigh 'Is ea', 'Ní hea' nó 'Ní bhaineann le hábhar'.

Tábla C.2

Faireachán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú breosla

C.2.1. Na modhanna a úsáidtear chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ídiú breosla gach foinse astaíochtaí a chinneadh:

Uimhir thagartha na foinse astaíochtaí ⁽¹⁾	Ainm na foinse astaíochtaí	Cineál na foinse astaíochtaí ⁽²⁾	Modh/modhanna roghnaithe ⁽³⁾

(1) Mar a thuiriscítear faoi Thábla B.3.

(2) Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Príomhinnill', 'Innill chúnta', 'Gástuirbíní', 'Coirí', 'Gineadóirí támhgháis', 'Cealla breosla', 'Loisceoirí dramhaíola', 'Eile'.

(3) Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Modh A: Nóta seachadta breosla umair (BDN) agus stocáirimh thréimhsiúla ar thancanna breosla'. Modh B: Faireachán ar thanc breosla umair ar bord', 'Modh C: Sreabhmheadair do phróisis infheidhme dócháin' nó Modh D: Astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha a thomhas'.

C.2.2 Nósanna imeachta chun breosla lastáilte umair agus breosla in umair a chinneadh:

Teideal an nós imeachta	Breosla lastáilte umair agus breosla in umair a chinneadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

C.2.3. Cros-seiceálacha rialta idir an chainníocht buncaireachta mar a fhoráiltear le BDN agus an chainníocht lastáilte umair a léirítear le tomhas ar bord:

Teideal an nós imeachta	Cros-seiceálacha rialta idir an chainníocht buncaireachta mar a fhoráiltear le BDNanna agus an chainníocht buncaireachta a léirítear le tomhas ar bord
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	

C.2.4. Tuairisc ar na hionstraimí tomhais lena mbaineann:

Trealamh tomhais (ainm)	Eilimintí a chuirtear i bhfeidhm maidir le (e.g. foinsí astaíochtaí, umair)	Tuairisc theicniúil (sonraíocht, aois, modhanna agus eatraimh chalabraithe, eatraimh chothabhála)

C.2.5. Nósanna imeachta chun faisnéis maidir le tomhais a thaifeadh, a aisghabháil, a tharchur agus a stóráil:

Teideal an nós imeachta	Faisnéis maidir le tomhais a thaifeadh, a aisghabháil, a tharchur agus a stóráil
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

C.2.6. An modh chun dlús a chinneadh:

Cineál breosla/umar	An modh chun luachanna dlúis iarbhír an bhreosla lastáilte umair a chinneadh ⁽¹⁾	An modh chun luachanna dlúis iarbhír an bhreosla in umair a chinneadh ⁽²⁾

⁽¹⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Trealamh tomhais ar bord', 'Soláthróir breosla' nó 'Tástáil saotharlainne'.

⁽²⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Trealamh tomhaiste ar bord', 'Soláthróir breosla' nó 'Tástáil saotharlainne'.

C.2.7. An leibhéal éiginnteachta a bhaineann le faireachán ar bhreosla:

Modh faireacháin ⁽¹⁾	Cur chuige a úsáidtear ⁽²⁾	Luach

⁽¹⁾ Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas: 'Modh A: BDN agus stocáirimh thréimhsiúla ar thancanna breosla', 'Modh B: Faireachán ar thanc breosla umair ar bord', 'Modh C: Sreabhmheadair do phróisis infheidhme dócháin' nó 'Modh D: Astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha a thomhas'.

⁽²⁾ Roghnaigh ceann de na catagóirí seo a leanas: 'Luach réamhshocraithe' nó 'Meastachán a bhaineann go sonrath leis an long'.

C.2.8. Nósanna imeachta chun dearbhú cáilíochta an trealaimh tomhais a áirithiú:

Teideal an nós imeachta	Dearbhú cáilíochta an trealaimh tomhais a áirithiú
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

C.2.9. An modh chun an t-ídiú breosla a dheighilt ina chuid le haghaidh lasta agus ina chuid le haghaidh paisinéirí a chinneadh (i gcás longa Ro-Pax amháin):

Teideal an mhodha	An t-ídiú breosla a dheighilt ina chuid le haghaidh lasta agus ina chuid le haghaidh paisinéirí a chinneadh
Modh leithdháilte a chuirtear i bhfeidhm de réir EN 16258 ⁽¹⁾	
Tuairisc ar an modh chun mais an lasta agus na bpaisinéirí a chinneadh, lena n-áirítear úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as luachanna réamhshocraithe le haghaidh mheáchan na n-aonad lastais/méadar lána (má úsáidtear an modh maise)	
Tuairisc ar an modh chun an t-achar deice a shanntar do lasta agus do phaisinéirí a chinneadh, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar dheiceanna crochta agus ar ghluaisteáin phaisinéirí ar dheiceanna lasta (má úsáidtear an modh limistéir)	
An t-ídiú breosla (in %) a dheighilt ina chuid le haghaidh lasta agus ina chuid le haghaidh paisinéirí (i gcás ina n-úsáidtear an modh achair agus sa chás sin amháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

⁽¹⁾ Roghnaigh 'Modh maise' nó 'Modh achair'.

C.2.10. Nósanna imeachta chun an t-ídiú breosla ar mhuirastir ládáilte a chinneadh agus a thaifeadadh (faireachán deonach):

Teideal an nós imeachta	An t-ídiú breosla ar mhuirastir ládáilte a chinneadh agus a thaifeadadh (faireachán deonach)
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	

Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

C.2.11. Nósanna imeachta chun an t-ídiú breosla le haghaidh téamh lastais a chinneadh agus a thaifeadh (faireachán deonach le haghaidh tancaeir cheimiceán):

Teideal an nós imeachta	An t-ídiú breosla le haghaidh téamh lastais a chinneadh agus a thaifeadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

C.2.12. Nósanna imeachta chun an t-ídiú breosla le haghaidh suí dinimiciúil a chinneadh agus a thaifeadh le haghaidh suí dinimiciúil (faireachán deonach le haghaidh tancaeir ola agus 'cineálacha eile loinge'):

Teideal an nós imeachta	An t-ídiú breosla le haghaidh suí dinimiciúil a chinneadh agus a thaifeadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Tábla C.3

Liosta muiristear

Teideal an nós imeachta	Iomláine na muiristear a thaifeadh agus a chosaint
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	

Tuairisc ar na nósanna imeachta (lena n-áirítear muiristír, muiristír faireacháin etc. Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Tábla C.4

Fad a thaistealaítear

Teideal an nós imeachta	An fad in aghaidh an mhuiristír a thaifeadh agus a chinneadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar na nósanna imeachta (lena n-áirítear faisnéis maidir le fad a thaifeadh agus a bhainistiú. Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Nósanna imeachta chun an fad a thaistealaítear a chinneadh agus a thaifeadh agus loingseoireacht á déanamh trí oighear (faireachán deonach):

Teideal an nós imeachta	An fad a thaistealaítear a chinneadh agus a thaifeadh agus loingseoireacht á déanamh trí oighear
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (lena n-áirítear an fad a thaifeadh agus a bhainistiú agus faisnéis ar dhálaí geimhridh. Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Tábla C.5

Méid an lastais a iompraítear & líon na bpaisinéirí

Teideal an nós imeachta	Méid an lastais a iompraítear agus/nó líon na bpaisinéirí a thairfeadh agus a chinneadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (lena n-áirítear méid an lastais a iompraítear agus/nó líon na bpaisinéirí a thairfeadh agus a chinneadh, mar aon le húsáid luachanna réamhshocraithe le haghaidh mhais na n-aonad lastais, más infheidhme. Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Aonad lastais/paisinéirí ⁽¹⁾	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

(1) Maidir le longa paisinéirí, úsáidtear 'paisinéirí' chun 'Aonad lastais/bpaisinéirí' a shonrú.

Maidir le longa róró, longa coimeádán, tancaeir ola, tancaeir ceimiceán, iompróirí gáis, bulc-iompróirí, longa lastais cuisniúcháin, iompróirí il-lastais, úsáidtear 'tonaí' chun an 'tAonad lastais/paisinéirí' a shonrú.

Maidir le hiompróirí GNL, longa lastais coimeádán/róró, úsáidtear 'méadair chiúbacha' chun an 'tAonad lastais/paisinéirí' a shonrú.

Maidir le longa lastais ghinearálta, sonrófar an 'tAonad lastais/paisinéirí' trí cheann amháin de na catagóirí seo a leanas a roghnú: 'tonaí meá-lasta ar iompar', 'tonaí meá-lasta ar iompar agus tonaf'.

Maidir le hiompróirí feithiclí, sonrófar an 'tAonad lastais/paisinéirí' trí cheann amháin de na catagóirí seo a leanas a roghnú: 'tonaí', 'tonaí agus tonaf meá-lasta ar iompar'.

Maidir le longa Ro-Pax, úsáidtear 'tonaí' agus 'paisinéirí' chun an 'tAonad lastais/bpaisinéirí' a shonrú.

Maidir le cineálacha eile loinge, sonrófar an 'tAonad lastais/paisinéirí' trí cheann amháin de na catagóirí seo a leanas a roghnú: 'tonaí', 'tonaí meá-lasta ar iompar'.

Nósanna imeachta chun meándlús na lastas a iompraítear a chinneadh agus a thairfeadh (faireachán deonach maidir le tancaeir ceimiceán, bulc-iompróirí agus iompróirí il-lastais):

Teideal an nós imeachta	An meándlús lastas a iompraítear a chinneadh agus a thairfeadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar na nósanna imeachta (lena n-áirítear faisnéis ar mheándlús lastas a thairfeadh agus a bhainistiú. Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Tábla C.6

Am a chaitear ar muir

Teideal an nós imeachta	An t-am a chaitear ar muir ón mbeart sa chalafoirt imeachta go dtí beart an chalafoirt teachta a chinneadh agus a thaifeadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
Tuairisc ar an nós imeachta (lena n-áirítear faisnéis faoi imeacht ó chalafoirt agus teacht isteach i gcalafoirt a thaifeadh agus a bhainistiú). Is leor tuairisc ghairid ar an nós imeachta a sholáthar más ann dó cheana féin lasmuigh den phlean faireacháin)	
Ainm an duine nó an phoist atá freagrach as an nós imeachta sin	
Foirmlí agus foinsí sonraí	
Láthair ina gcoimeádtar taifid	
Ainm an chórais TF a úsáidtear (i gcás inarb infheidhme)	

Nósanna imeachta chun an fad a chaitear ar muir agus loingseoireacht á déanamh trí oighear a chinneadh agus a thaifeadh (faireachán deonach):

Teideal an nós imeachta	An fad a chaitear ar muir agus loingseoireacht á déanamh trí oighear a chinneadh agus a thaifeadh
Tagairt don nós imeachta atá ann cheana	
Leagan an nós imeachta atá ann cheana	
